# Topaic: An tuismitheoir

## Fothopaic: An saol oibre / *au pair*

Seo tascanna samplacha ranga a d'fhéadfaí a bhunú ar an mír físe ina bhfuil Edel Ní Bhriain ag labhairt faoi chailín atá ag obair lena clann sa teach mar *au pair*. Tá an mhír físe agus an téipscript ar an suíomh.

Nóta: Is tascanna **samplacha** ranga atá anseo a léiríonn cad a **d'fhéadfaí** a dhéanamh le grúpa foghlaimeoirí, bunaithe ar an mír físe. Ní **plean ceachta** atá i gceist. Moltar go roghnódh an múinteoir tascanna a bheadh oiriúnach don ghrúpa foghlaimeoirí atá aige/aici agus go gcuirfí na tascanna **in oiriúint** do riachtanais an ghrúpa.

# Treoracha don Mhúinteoir

**Tasc samplach 1: Léamh / réamhobair**

Beidh na foghlaimeoirí ag éisteacht ar ball le hEdel Ní Bhriain ag caint faoi *au pair* atá ina cónaí lena clann. Tá an mhír físe agus an téipscript ar an suíomh.

- Mínigh cé agus cad leis a bheidh siad ag éisteacht agus déan roinnt bheag réamhoibre ar stór focal, ag brath ar leibhéal na bhfoghlaimeoirí.
- Scaip an bhileog 'Líon na Bearnaí' agus mínigh na treoracha.
- Nuair a bheidh siad críochnaithe, iarr orthu a gcuid freagraí a chur i gcomparáid le freagraí a bpáirtithe.

**Tasc samplach 2: Éisteacht**

Seinn an mhír físe agus lig dóibh a gcuid freagraí ó Thasc 1 a 'cheartú'. Tá sé tábhachtach nach mbeidís ag iarraidh gach focal a thuiscint – spreag iad le díriú ar éirim na míre seachas ar na focail.

Straitéisí foghlama: Spreag plé ar cad a bhí deacair / éasca faoin tasc seo.

**Tasc samplach 3: Briathra Laethúla**

Eagraigh plé gearr grúpa agus plé ranga ar aon rud atá ar eolas ag na foghlaimeoirí cheana féin faoi bhriathra san aimsir láithreach.

Scaip an bhileog 'Briathra Laethúla'. Cabhraigh leo an patrún atá ar na briathra sa bhosca a thuiscint agus cuir ag obair iad ar na briathra 'cuir' agus 'bailigh' a scríobh amach, ag baint úsáide as an bpatrún.

**Tasc samplach 4: Abair an Briathar – cleachtadh**

Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna. Scaip an bhileog 'Abair an Briathar' ar na foghlaimeoirí go léir. Bíodh na cártaí beaga 'mé', 'tú' etc. gearrtha suas agat agus bíodh cóip díobh ag duine as gach beirt. Tógfaidh siad sealanna leis na céimeanna seo a leanas:

Tógfaidh Duine A cárta – an cárta 'mé', cuir i gcás agus cuirfidh sé an cárta sin ar cheann de na boscaí ar an mbileog – an bosca 'dún', cuir i gcás. Caithfidh Duine B 'dúnaim' a rá. Ansin tógfaidh Duine B cárta – 'muid', cuir i gcás. Cuirfidh sé an cárta sin ar cheann de na boscaí ar an mbileog – bailigh' cuir i gcás. Caithfidh Duine A 'bailímid' a rá. Leanann siad ar aghaidh sa tslí sin go dtí go mbeidh cleachtadh maith déanta acu.

**Tasc samplach 5: Cumadh abairtí**

Beidh an rang ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar. Bíodh na cártaí ar an mbileog gearrtha suas agat agus bíodh sraith cártaí agat do gach grúpa. Caithfidh na foghlaimeoirí i ngach grúpa, ag obair le chéile, Gaeilge a chur ar na habairtí atá ar na cártaí.

**Tasc samplach 6: Cumadh abairtí / caint**

Scaip an tasc. Cuir gach beirt ag obair le chéile – Duine A agus Duine B. Tabhair na treoracha seo dóibh.

- Duine A: Is tusa Macarena, an *au pair* atá ag Edel. Caithfidh tú cuntas a thabhairt do Dhuine B ar do ghnáthlá, bunaithe ar an méid a chuala tú. Bí ag caint! Ansin malartaígí – tugadh Duine B an cuntas an uair seo.
- Tugaigí cuntas dá chéile ar bhur ngnáthlá féin anois! Bígí ag caint!

**Tasc samplach 7: Plé**

Roinn an rang i ngrúpaí agus cuir ag plé iad:

'Tá sé an-deacair a bheith ag obair nuair atá páistí agat'.

Straitéisí: Cabhraigh leo le habairtí úsáideacha don phlé:

'Nílim cinnte faoi sin…'
'Braitheann sé…'
'Ach ar an lámh eile…'

# Líon na Bearnaí

**Beidh tú ag éisteacht le hEdel Ní Bhriain ag caint faoi *au pair* atá ina cónaí léi féin agus lena clann.**

- Léigh an téipscript thíos agus déan iarracht na bearnaí a líonadh leis na briathra atá sa bhosca.

  Straitéisí: Ná bí ag iarraidh gach focal den téacs a thuiscint! Tabhair buille faoi thuairim!

- Nuair a bheidh tú críochnaithe, cuir do fhreagraí i gcomparáid le freagraí do pháirtí. Pléigí iad.

| | | |
|---|---|---|
| dúisíonn | réitímid | bailíonn |
| imíonn | ullmhaíonn | tiomáineann |
| glanann | cabhraíonn | freastalaíonn |
| féachann | buaileann siad le | |

Tá *au pair* againn darb ainm Macarena. Is as an Spáinn í. Is cailín an-an-an-deas í. Tá an t-ádh dearg linn go bhfuil sí chomh cabhrach sin. *So* tá an-chuid, is dócha, cúraimí uirthi. An chéad rud a dhéanann sí ar maidin ná go n_____ sí na páistí. Agus ansin _____ sí an bricfeasta dóibh. Cad eile a dhéanann sí? _____ sí an chistin nuair atá an bricfeasta ite acu. Ansin timpeall ar 8.20 _____ sí na páistí ar scoil. Agus bíonn sos aici ansin ar feadh trí uair an chloig. Ansin ag leath i ndiaidh a dó dhéag _____ sí Aoileann i dtosach agus ansin na leaids tar éis scoile. Cabhraíonn sí leo, más gá, leis an obair bhaile. Uaireanta _____ sí le hobair an tí ach ní bhíonn mórán gá leis sin. Agus tá sí ana-chabhrach. _____ go hiontach léi. _____ sise ar ranganna dhá oíche sa tseachtain agus tá ana-chuid cairde déanta aici agus buaileann sí leo go minic agus téann siad go lár na cathrach. Nó _____ siad ar thurasanna nó _____ siad ar na suíomhanna atá ar fud na cathrach agus _____ cairde eile atá ag obair mar *au pair* anseo freisin.

# Briathra Laethúla

a) Plé: An bhfuil aon rud ar eolas agat cheana féin faoi bhriathra san aimsir láithreach? Pléigh le do ghrúpa!

b) Féach ar an bpatrún atá ar na briathra sa bhosca thíos. Bunaithe ar an bpatrún sin, scríobh féin agus do pháirtí amach na briathra 'cuir' agus 'bailigh'.

| Siolla amháin* | Níos mó ná siolla amháin |
|---|---|
| -(e)ann<br><br>Glan –ann<br>Glanann<br><br>Glan**aim**<br>Glan**ann** tú<br>Glan**ann** sé/sí<br>Glan**aimid**<br>Glan**ann** sibh<br>Glan**ann** siad<br><br>Tá roinnt briathra a bhfuil níos mó ná siolla amháin acu atá sa ghrúpa seo freisin ach ná bí róbhuartha fúthu go fóill! Dhá cheann atá áisiúil ná **Tiomáin** agus **Taispeáin**. | -(a)íonn<br><br>Ceann – aíonn<br>Ceannaíonn<br><br>Ceann**aím**<br>Ceann**aíonn** tú<br>Ceann**aíonn** sé/sí<br>Ceann**aímid**<br>Ceann**aíonn** sibh<br>Ceann**aíonn** siad |

| | |
|---|---|
| Cuir | |
| Bailigh | |

# Abair an Briathar!

| | | |
|---|---|---|
| 1. Glan | 2. Déan | 3. Ól |
| 4. Ceannaigh | 5. Cuir | 6. Féach |
| 7. Ith | 8. Bailigh | 9. Dún |
| 10. Scríobh | 11. Tóg | 12. Buail |

**don mhúinteoir do Thasc Samplach 4: na cártaí seo le gearradh agus le húsáid leis an mbileog 'Abair an Briathar'.**

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| mé | tú | sé | sí | muid | sibh | siad |

**don mhúinteoir do Thasc Samplach 5: Tá na cártaí seo le gearradh agus le cur i gclúdach litreach do gach grúpa. Gheobhaidh gach grúpa paca cártaí sa chlúdach litreach agus caithfidh siad sealanna a thógáil agus cabhrú le chéile Gaeilge a chur ar na habairtí atá ar na cártaí. Caithfidh gach duine sa ghrúpa a bheith sásta leis an abairt sula nglactar léi.**

| | |
|---|---|
| **1.**<br><br>**Déan**<br>**I make the dinner every day at 3pm.** | **2.**<br><br>**Ól**<br>**Caoimhe doesn't drink milk.** |
| **3.**<br><br>**Ith**<br>**We eat dinner early in our house.** | **4.**<br><br>**Cuir**<br>**I put the lunch in the school bags every morning.** |
| **5.**<br><br>**Scríobh**<br>**They write down the wrong homework every night.** | **6.**<br><br>**Bailigh**<br>**I collect the kids every day at 2.30 p.m.** |
| **7.**<br><br>**Ceannaigh**<br>**We buy new shoes too often.** | **8.**<br><br>**Ceartaigh**<br>**The teacher corrects the homework every day.** |
| **9.**<br><br>**Imir**<br>**We play too many sports in our house.** | **10.**<br><br>**Cabhraigh**<br>**I help with homework every night.** |

Tasc

Beidh sibh ag obair i bpéirí – Duine A agus Duine B.

**(i)** Duine A: Is tusa Macarena, an *au pair* atá ag Edel. Caithfidh tú cuntas a thabhairt do Dhuine B ar do ghnáthlá, bunaithe ar an méid a chuala tú. Bígí ag caint!

**(ii)** Anois, malartaígí! Duine B – is tusa Macarena agus caithfidh tú cuntas a thabhairt do Dhuine A ar do ghnáthlá.

**(iii)** Tugaigí cuntas dá chéile ar bhur ngnáthlá féin anois! Bígí ag caint!